Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# Cinneadh maidir leis an ghá atá le Measúnacht Iomchuí ar na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil le haghaidh na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024, do na bailte seo: An Clochán Liath, Bealach Féich - Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga

Ag an chruinniú iomlánach de Chomhairle Contae Dhún na nGall ar an 26 Márta 2018, agus de réir Alt 20(d) den Acht Pleanála & Forbartha 2000 (mar a leasaíodh), rinne Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall plé ar an Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil agus ar Thuairisc Alt 20(c) an Phríomh-Fheidhmeannaigh i dtaca le breathnúcháin agus aighneachtaí a rinneadh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí, chomh maith le hAguisín le Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh den dáta 21 Márta 2018, agus shocraigh siad ar an Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil a leasú. Tá 118 Athrú Ábhartha beartaithe san iomlán i measc na leasuithe sin.

Mar atá riachtanach de réir Alt 20(f) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar a leasaíodh), déanfar cinneadh cé acu tá, nó nach bhfuil, gá le Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil nó Measúnacht Iomchuí, nó an dá cheann acu sin, de réir mar is cuí, a dhéanamh maidir le ceann amháin, nó níos mó, de na hAthruithe Ábhartha ar an Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil.

Chuige seo, tá tuairisc dar teideal 'Aguisín leis an Mheasúnacht Iomchuí (MI) ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil le haghaidh na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 - Scagadh MI ar na hAthruithe Ábhartha Beartaithe, Aibreán 2018' ullmhaithe agus tá cinnithe ann:

- Nach bhfuiltear ag dréim go mbeidh aon dochar suntasach ar shuíomhanna Eorpacha ag éirí as 18 cinn de na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Dréacht PCÁ 2018-2024, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna eile nó tograí eile, agus dá bhrí sin nach bhfuil gá le Céim 2 MI do na hAthruithe Ábhartha sin (Athruithe Ábhartha Beartaithe: Tagairtí - GENMA1, CLMA1, CLMA11, BYMA1-BYMA4, BYMA10, BEMA1, BEMA2, BEMA4-BEMA7, CNMA5, KBMA2, KBMA3 and KBMA8).
- Maidir leis na 100 Athrú Ábhartha eile atá beartaithe ní féidir a bheith cinnte, thar amhras réasúnta eolaíochta, gur dócha nach mbeidh aon dochar suntasach ar shláine aon cheann den ghréasán de shuíomhanna Eorpacha Natura 2000, ag éirí as na hAthruithe Ábhartha sin. Mar sin de, is gá dul ar aghaidh chuig Céim 2 MI maidir le 100 cinn de na hAthruithe Ábhartha beartaithe (Tagairtí na nAthruithe Ábhartha Beartaithe: GENMA2, GENMA3, CLMA2-CLMA10, CLMA12-CLMA17, BSMA1-BSMA17, BYMA5-BYMA9, BYMA11-BYMA26, BEMA3, BEMA8, BEMA9, CNMA1-CNMA4, CNMA6-CNMA9, DTMA1-DTMA7, DTMA9-DTMA26, KBMA1, KBMA4-KBMA7 and KBMA9-KBMA12).

Paul Christy
Pleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin
13 Aibreán 2018